Bord Gáis Energy *think beyond*

Sa bhaile

Iúil / Lúnasa 2009

SAN EAGRÁN SEO

Lig do scíth agus buaigh duais le Dochar Díreach 3

Bí sábháilte i gcónaí le Suiteálaithe Gáis Cláraithe 4

Oidis Samhraidh Iontach le Kevin Dundon 6

Ireland's got talent...agus is léir é 8

Grianghraf clúdaigh le Colm Le Gear, atá 11 bhliain d'aois. Bhí Colm i measc na n-iomaitheoirí ceannais i gcomórtas 'Capture the Power' Bord Gáis Energy.

Fáilte chuig Sa bhaile

Tá sé ina shamhradh agus tá an grian ag taitneamh, agus luíonn sé le ciall go mbeadh sé ar intinn agat rudaí a thógáil go réidh. Tús maith leath na hoibre agus d'fhéadfá **Dochar Díreach** a roghnú ar bhealach áisiúil é chun do bhille gáis nádúrtha a íoc. Seans go mbeidh tú freisin ar do sháimhín só i gceann de na hÓstáin Clarion, má bhuann tú ceann de na saoirí teaghlaigh fíormhaithe i gcomórtas iontach an eagráin seo. Féach an leathanach thall chun sonraí a fháil.

Agus an oiread sin **tallainne in Éirinn** inniu, níl aon amhras ná go bhfuil saol beoga i ndán dúinn – mar a léirigh na gasúir éirimiúla a ghlac páirt i gComórtas Grianghrafadóireachta Scoileanna Bord Gáis Energy 'Capture The Power'.

Is féidir tuilleadh a léamh ar leathanach 8, ina mbeidh blúirín eolais chomh maith ar Mharatón Chathair Chorcaí Bord Gáis Energy, Peil na mBan agus Iománaíocht faoi 21.

Tá breis agus **150,000** duine tar éis an Big Swithch a dhéanamh cheana féin go leictreachas ó Bord Gáis Energy. Mura bhfuil sé déanta agat, tá am agat fós 12% ar a laghad a shábháil ar do bhille leictreachais. Tá na sonraí ar leathanach 5. Tá tuilleadh **oideas blasta** againn freisin ionas gur féidir leatsa triail a bhaint astu an samhradh seo. Ba bhreá linn tuairimí nó aischothú ar bith atá agat a chloisteáil, seol r-phost chugainn ag **athome@bordgais.ie**



TRACY KENNEDY ***Bainisteoir Seirbhísí do Chustaiméirí***
BORD GÁIS ENERGY

STAITISTIC BHEATHA

150,000
Tá thart ar 150,000 custaiméir tar éis an BIG SWITCH a dhéanamh cheana féin go leictreachas ó Bord Gáis Energy.

4,677
Líon na n-iontrálacha, ó 581 scoil, a fuarthas i gComórtas Grianghrafadóireachta Scoileanna Capture the Power Bord Gáis Energy.

80,000 lítear
Líon measta an uisce a d'ól beagnach 10,000 reathaí i Maratón Chathair Chorcaí Bord Gáis Energy.

Dlí nua ionas go mbeidh tú níos sábháilte

Toisc go bhfuil do shábháilteacht tábhachtach dúinn, ba mhaith linn cinntiú go bhfuil a fhios agat faoin dlí nua faoina bhfuil sé neamhdhleathach d'éinne seachas Suiteálaí Gáis Cláraithe obair gháis a chur i gcrích i do theach.

Tugadh rialacháin nua isteach ar an 26 Meitheamh 2009 faoina bhfuil sé éigeantach do gach custaiméir gáis Suiteálaí Gáis Cláraithe a úsáid nuair atá oibreacha gáis á gcur i gcrích. Bíonn duine ar bith a chuireann obair gháis i gcrích nach Suíteálaí Gáis Cláraithe é nó í, ciontach i gcion agus dlifear fíneáil suas go €15,000 nó trí bliana i bpriosún a ghearradh orthu.

Is é an t-aon duine atá ceadaithe de réir an dlí chun obair gháis a chur i gcrích ná Suiteálaí Gáis Cláraithe toisc go bhfuil an leibhéal oiliúna iomchuí acu, go gcomhlíonann a gcuid oibre an Caighdeán Suiteála Éireannach lena mbaineann agus go bhfuil an t-árachas is gá acu. Tá an obair a dhéanann Suiteálaí Gáis Cláraithe faoi réir iniúchadh agus scrúdú rialta, ó thaobh na sábháilteachta de, ag Clár Suiteálaithe Gáis na hÉireann.

Mar sin bí sábháilte. Iarr ar an duine Cárta Aitheantais Suiteálaí Gáis Cláraithe a thaispeáint duit sula dtugann tú cead dó/di obair gháis ar bith a dhéanamh i do theach – agus cuimhnigh, tabharfaidh Suiteálaí Gáis Cláraithe deimhniú déantachta freisin duit nuair a bheidh siad críochnaithe.

Nuair a theastaíonn Suiteálaí Gáis Cláraithe uait, níl ort ach glaoch ar Chlár Suiteálaithe Gáis na hÉireann ar (01) 499 7998 nó cuairt a thabhairt ar www.rgii.ie